Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 5 Deireadh Fómhair 2017**
**(OR. en)**

**12755/1/17**
**REV 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0256 (COD)**

**CODIF 26**
**CODEC 1494**
**MI 667**
**UD 220**
**ECO 57**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 29 Meán Fómhair 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2017) 545 final/2 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le staidreamh ar iompar earraí d'uiscebhealaí intíre (códú) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 545 final/2.

Iarrtar ar na toscaireachtaí a mbarúlacha maidir leis an togra códúcháin a chur chuig an seoladh thíos faoin 23 Deireadh Fómhair 2017

*SECRETARIAT.Codification@consilium.europa.eu* ***AGUS*** *sj-codification@ec.europa.eu*

Tarraingítear aird na dtoscaireachtaí ar an Treoir Phraiticiúil don Chódúchán ( 14722/14 + COR1 an 24 Deireadh Fómhair 2014).

---

Faoi iamh: COM(2017) 545 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 29.9.2017
COM(2017) 545 final/2

2017/0256 (COD)

CORRIGENDUM

This document corrects document COM(2017) 545 final of 26.9.2017.
Concerns correction of acronym.
The text shall read as follows :

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le staidreamh ar iompar earraí d'uiscebhealaí intíre (códú)**

**MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN**

1. I gcomhthéacs Eoraip na ndaoine, cuireann an Coimisiún an-bhéim ar shimpliú agus ar shoiléiriú dhlí an Aontais ionas go mbeidh sé níos soiléire agus níos so-aimsithe do na saoránaigh agus, dá réir sin, go gcruthófar deiseanna nua dóibh agus seans úsáid a bhaint as na cearta sonracha a bhronntar orthu.

   Ní féidir an aidhm sin a bhaint amach fad is atá líon mór forálacha a leasaíodh roinnt uaireanta, agus leasuithe suntasacha a bheith i gceist go minic, scaipthe anseo agus ansiúd, rud a fhágann go mbíonn gá le cuardach a dhéanamh ar roinnt de na forálacha sin san ionstraim bhunaidh agus ar roinnt eile acu in ionstraimí leasaitheacha níos déanaí. Is gá, dá bhrí sin, mórobair thaighde a dhéanamh, i bhfoirm comparáide idir cuid mhór ionstraimí éagsúla, chun na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair a shainaithint.

   Ar an gcúis sin, tá gá freisin le códú a dhéanamh ar rialacha a leasaíodh go minic má tá dlí le bheith soiléir trédhearcach.

2. Chinn an Coimisiún an 1 Aibreán 1987[1] treoir a thabhairt dá fhoireann á rá gur cheart gach gníomh a chódú i ndiaidh deich leasú ar a mhéad, agus cuireadh i bhfios dóibh gur bunriachtanas é seo agus gur cheart féachaint le códú a dhéanamh ag eatraimh is giorra ná sin ar na téacsanna a bhfuil siad freagrach astu lena chinntiú go bhfuil na forálacha atá iontu soiléir agus sothuigthe.

3. Dearbhaíodh an méid sin i gConclúidí Uachtaránacht na Comhairle Eorpaí i nDún Éideann (Nollaig 1992)[2] agus cuireadh i bhfios an tábhacht a bhaineann le códú mar go dtugann sé cinnteacht faoin dlí is infheidhme maidir le hábhar ar leith tráth ar leith.

   Ní foláir an nós imeachta coitianta a bhaineann le glacadh ghníomhartha an Aontais a chomhlíonadh go huile agus go hiomlán agus an códú á dhéanamh.

   Ós rud é nach ceadmhach athruithe a dhéanamh ar shubstaint na n-ionstraimí lena mbaineann an códúchán, tháinig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar chomhaontú, trí chomhaontú idirinstitiúideach dar dáta an 20 Nollaig 1994, go bhféadfar nós imeachta luathaithe a úsáid chun ionstraimí códaithe a ghlacadh go mear.

4. Is é is cuspóir an togra seo códú a dhéanamh ar Rialachán (CE) Uimh. 1365/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le staidreamh ar iompar earraí d'uiscebhealaí intíre agus lena n-aisghairtear Treoir 80/1119/CEE ón gComhairle[3]. Glacfaidh an Rialachán nua ionad na ngníomhartha éagsúla a chuimsítear ann[4], caomhnítear go huile agus go hiomlán inneachar na ngníomhartha atá á gcódú agus, dá bhrí sin, ní dhéantar ach iad a thabhairt le chéile agus na leasuithe foirmiúla sin amháin a bhfuil gá leo don phróiseas códúcháin féin a dhéanamh.

---

[1] COM(87) 868 miontuairiscí.

[2] Féach Iarscríbhinn 3 a ghabhann le Cuid A de na Conclúidí.

[3] Arna chur ar chlár reachtaíochta 2017.

[4] Féach Iarscríbhinn VII a ghabhann leis an togra seo.

5. Rinneadh an togra códaithe a tharraingt suas ar bhonn réamh-chomhdhlúthú, i 24 theanga oifigiúla, ar Rialachán (CE) Uimh. 1365/2006 agus ar na hionstraimí lena leasaítear é. Is í Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh a rinne an comhdhlúthú sin trí chóras próiseála sonraí. I gcás inar tugadh uimhreacha nua do na hAirteagail, taispeántar an comhghaol idir na seanuimhreacha agus na huimhreacha nua i dtábla atá leagtha amach in Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán códaithe.

🡻 1365/2006 (oiriúnaithe)

2017/0256 (COD)

Togra le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le staidreamh ar iompar earraí d'uiscebhealaí intíre (códú)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ⌦ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ⌫, agus go háirithe Airteagal ⌦ 338 ⌫ (1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[5],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an méid seo a leanas:

🡻

(1) Rinneadh Rialachán (CE) Uimh. 1365/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] a leasú go suntasach roinnt uaireanta[7]. Ar mhaithe le soiléireacht agus le réasúntacht, ba cheart an Rialachán sin a chódú.

🡻 1365/2006 aithris 1 (oiriúnaithe)

(2) Cuid thábhachtach de ghréasáin iompair an ⌦ Aontais ⌫ is ea na huiscebhealaí intíre agus cuspóir de chuid an chomhbheartais iompair is ea cur chun cinn an iompair d'uiscebhealaí intíre, ar chúiseanna éifeachtúlachta eacnamaíche agus, ag an am céanna, chun tomhailt fuinnimh agus tionchar comhshaoil an iompair a laghdú.

🡻 1365/2006 aithris 2

(3) Teastaíonn staidreamh ón gCoimisiún maidir le hiompar earraí d'uiscebhealaí intíre chun faireachán agus forbairt a dhéanamh ar an gcomhbheartas iompair, agus ar na heilimintí iompair de bheartais maidir leis na réigiúin agus na gréasáin thras-Eorpacha.

[5] IO C […], […], lch. […].

[6] Rialachán (CE) Uimh. 1365/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le staidreamh ar iompar earraí d'uiscebhealaí intíre agus lena n-aisghairtear Treoir 80/1119/CEE ón gComhairle (IO L 264, 25.9.2006, lch. 1).

[7] Féach Iarscríbhinn VII.

↓ 1365/2006 aithris 5 (oiriúnaithe)

(4) Ba cheart staidreamh ⌦ Eorpach ⌫ i ndáil le gach modh iompair a bhailiú de réir coincheapa coiteanna agus caighdeáin choiteanna ionas go bhféadfaí an inchomparáideacht is iomláine is féidir idir modhanna iompair a bhaint amach.

↓ 1365/2006 aithris 6

(5) Ní ann don iompar d'uiscebhealaí intíre i ngach Ballstát agus, dá bhrí sin, tá tionchar an Rialacháin seo teoranta do na Ballstáit sin inarb ann don mhodh iompair sin.

↓ 1365/2006 aithris 7 (oiriúnaithe)

(6) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóir an Rialacháin seo, eadhon caighdeáin choiteanna staidrimh a chruthú lena bhféadfar sonraí comhchuibhithe a tháirgeadh, a ghnóthú go leordhóthanach agus gur fearr, dá bhrí sin, is féidir é a ghnóthú ar leibhéal an ⌦ Aontais ⌫ , féadfaidh an ⌦ tAontas ⌫ bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ⌦ ar an Aontas Eorpach ⌫. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir sin a ghnóthú.

↓ 1365/2006 aithris 8

(7) Is é Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8] a sholáthraíonn an creat tagartha do an forálacha a leagtar síos sa Rialachán seo.

↓ 2016/1954 aithris 5 (oiriúnaithe)

(8) Chun treochtaí eacnamaíocha agus teicniúla agus athruithe ar shainmhínithe arna nglacadh ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ⌦ ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ⌫ a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca leis an Rialachán ⌦ seo ⌫ a leasú chun an tairseach os cionn 1 000 000 tona do chumhdach staitistiúil ar iompar d'uiscebhealaí intíre a ardú, chun sainmhínithe a chur in oiriúint nó chun foráil a dhéanamh do chinn nua, mar aon leis na hIarscríbhinní a ghabhann ⌦ leis an ⌫ Rialachán ⌦ seo ⌫ a oiriúnú chun athruithe sa chódú agus san ainmníocht ar an leibhéal idirnáisiúnta nó i ngníomhartha reachtaíochta an Aontais a léiriú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos

8 Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

Fearr[9]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, gheobhaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus beidh rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bheidh ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

---

🡻 2016/1954 aithris 6

(9) Ba cheart don Choimisiún a áirithiú nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe sin ualach suntasach breise ar na Ballstáit ná ar na freagróirí.

---

🡻 2016/1954 aithris 7 (oiriúnaithe)

(10) D'fhonn dálaí aonfhoirmeacha a áirithiú chun ⌦ an ⌫ Rialachán ⌦ seo ⌫ a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun cur ar a chumas socruithe a ghlacadh i ndáil le sonraí a tharchur, lena n-áirítear caighdeáin idirmhalartaithe sonraí, le go scaipfeadh an Coimisiún (Eurostat) torthaí agus i ndáil le ceanglais agus critéir mhodheolaíocha a fhorbairt agus a fhoilsiú, na ceanglais agus na critéir sin arna ndearadh chun cáilíocht na sonraí a tháirgfear a áirithiú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10].

---

🡻 2016/1954 aithris 9

(11) Ní mór don Choimisiún socrú a dhéanamh chun go ndéanfar treoirstaidéir ar infhaighteacht sonraí staidrimh a bhaineann le hiompar paisinéirí d'uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear trí sheirbhísí iompair trasteorann. Ba cheart don Aontas ranníoc le costas a ghabhann leis na treoirstaidéir sin a dhéanamh. Ba cheart go mbeadh ranníocaíochtaí den sórt sin i bhfoirm deontas arna ndámhachtain chuig na hinstitiúidí staidrimh náisiúnta agus chuig údaráis náisiúnta eile dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11],

---

🡻 1365/2006 (oiriúnaithe)

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Ábhar**

Leagtar síos leis an Rialachán seo comhrialacha maidir le táirgeadh staidrimh ⌦ Eorpach ⌫ ar iompar d'uiscebhealaí intíre.

---

9 IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

10 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

11 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1605/2002 ón gComhairle, (IO L 298, 20.10.2012, lch. 1).

*Airteagal 2*

**Raon feidhme**

1. Tarchuirfidh na Ballstáit chuig an gCoimisiún (Eurostat) sonraí a bhaineann le hiompar d'uiscebhealaí intíre ar a gcríoch náisiúnta.

2. Na Ballstáit sin inar mó ná 1 000 000 tona an méid iomlán d'earraí a iompraítear in aghaidh na bliana d'uiscebhealaí intíre mar iompar náisiúnta, idirnáisiúnta nó idirthurais, soláthróidh siad na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 4(1).

3. De mhaolú ar mhír 2, na Ballstáit sin nach ndéantar aon iompar idirnáisiúnta ná idirthurais d'uiscebhealaí intíre iontu ach inar mó ná 1 000 000 tona an méid iomlán d'earraí a iompraítear in aghaidh na bliana d'uiscebhealaí intíre mar iompar náisiúnta, ní sholáthróidh siad ach na sonraí a cheanglaítear faoi Airteagal 4(2).

4. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) iompar earraí ag soithí is lú ná 50 tona meá-lasta;

(b) soithí a úsáidtear go príomha chun paisinéirí a iompar;

(c) soithí a úsáidtear chun críocha farantóireachta;

(d) soithí a úsáideann riaracháin chalafoirt agus údaráis phoiblí chun críocha neamhthráchtála amháin;

(e) soithí a úsáidtear chun críocha buncarála agus stórála;

(f) soithí nach n-úsáidtear chun earraí a iompar amhail soithí iascaigh, dreidirí, ceardlanna ar snámh, báid chónaithe agus árthaí pléisiúir.

---

🡻 2016/1954 Art. 1.1

5. Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 a bhaineann le mír 2 den Airteagal seo a leasú leis an tairseach a ardú do chumhdach staidrimh ar iompar d'uiscebhealaí intíre dá dtagraítear inti d'fhonn treochtaí eacnamaíocha agus teicniúla a chur san áireamh. Áiritheoidh an Coimisiún, agus an chumhacht sin á feidhmiú aige, nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe ualach suntasach breise ar na Ballstáit ná ar na freagróirí. Thairis sin, tabharfaidh an Coimisiún bonn cirt do na gníomhaíochtaí staidrimh dá bhforáiltear sna gníomhartha tarmligthe sin, agus leas á bhaint aige, nuair is iomchuí, as anailís ar chost-éifeachtúlacht, lena n-áirítear measúnú ar an ualach ar fhreagróirí agus ar na costais táirgeachta, amhail dá dtagraítear in Airteagal 14(3)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

---

🡻 425/2007 Art. 1.1

*Airteagal 3*

**Sainmhínithe**

Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'uiscebhealaí intíre inseolta' sruthchúrsa, nach cuid den fharraige é, atá oiriúnach, de bharr gnéithe nádúrtha nó saorga, do loingseoireacht le soithí uiscebhealaí intíre go príomha;

(b) ciallaíonn 'soitheach uiscebhealaí intíre' árthach snámhach atá ceaptha le haghaidh iompar earraí nó le haghaidh iompar poiblí paisinéirí agus a sheoltar go príomha ar uiscebhealaí intíre inseolta nó in uiscí atá laistigh d'uiscí foscúla nó de limistéir ina bhfuil feidhm ag rialacháin chalafoirt, nó in uiscí atá buailte ar uiscí den sórt sin;

(c) ciallaíonn 'náisiúntacht an tsoithigh' an tír ina bhfuil an soitheach cláraithe;

(d) ciallaíonn 'iompar d'uiscebhealaí intíre' aon aistriú earraí agus/nó paisinéirí ag úsáid soithí uiscebhealaí intíre a dhéantar ina iomláine nó i bpáirt ar uiscebhealaí intíre inseolta;

(e) ciallaíonn 'iompar náisiúnta d'uiscebhealaí intíre' iompar d'uiscebhealaí intíre idir dhá chalafort d'aon chríoch náisiúnta amháin gan beann ar náisiúntacht an tsoithigh;

(f) ciallaíonn 'iompar idirnáisiúnta d'uiscebhealaí intíre' iompar d'uiscebhealaí intíre idir dhá chalafort atá suite in dhá chríoch náisiúnta éagsúla;

(g) ciallaíonn 'iompar idirthurais d'uiscebhealaí intíre' iompar d'uiscebhealaí intíre trí chríoch náisiúnta idir dhá chalafort agus an dá chalafort sin suite i gcríoch nó i gcríocha náisiúnta eile ar choinníoll nach ndéantar athlastáil laistigh den chríoch náisiúnta le linn an turais ina iomláine;

(h) ciallaíonn 'trácht uiscebhealaí intíre' aon ghluaiseacht soithigh ar uiscebhealach intíre inseolta áirithe.

---

🡻 2016/1954 Art. 1.2 (oiriúnaithe)

Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 10 a bhaineann leis an ⌦ gcéad mhír den ⌫ Airteagal seo a leasú leis na sainmhínithe atá ann a chur in oiriúint nó le foráil a dhéanamh do shainmhínithe nua d'fhonn sainmhínithe ábhartha a leasaítear nó a ghlactar ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur san áireamh.Áiritheoidh an Coimisiún, nuair a bheidh an chumhacht sin á feidhmiú aige, nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe ualach suntasach breise ar na Ballstáit ná ar na freagróirí. Thairis sin, tabharfaidh an Coimisiún bonn cirt do na gníomhaíochtaí staidrimh dá bhforáiltear sna gníomhartha tarmligthe sin, agus leas á bhaint aige, nuair is iomchuí, as anailís ar chost-éifeachtúlacht, lena n-áirítear measúnú ar an ualach ar fhreagróirí agus ar na costais táirgeachta amhail dá dtagraítear in Airteagal 14(3)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

---

🡻 1365/2006

*Airteagal 4*

**Bailiú sonraí**

1. Baileofar sonraí i gcomhréir leis na táblaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I go hIarscríbhinn IV.

2. Sa chás dá dtagraítear in Airteagal 2(3) is i gcomhréir leis an tábla a leagtar amach in Iarscríbhinn V a bhaileofar sonraí.

3. Chun críocha an Rialacháin seo, aicmeofar earraí i gcomhréir le hIarscríbhinn VI.

➜ 2016/1954 Art. 1.3

4. Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 10 a bhaineann leis na hIarscríbhinní a leasú chun na hathruithe a léiriú maidir le códú agus le hainmníocht ar an leibhéal idirnáisiúnta nó i ngníomhartha reachtacha ábhartha de chuid an Aontais Eorpaigh. Áiritheoidh an Coimisiún, nuair a bheidh an chumhacht sin á feidhmiú aige, nach gcuirfidh na gníomhartha tarmligthe ualach suntasach breise ar na Ballstáit ná ar na freagróirí. Thairis sin, tabharfaidh an Coimisiún bonn cirt do na gníomhaíochtaí staidrimh dá bhforáiltear sna gníomhartha tarmligthe sin, agus leas á bhaint aige, nuair is iomchuí, as anailís ar chost-éifeachtúlacht, lena n-áirítear measúnú ar an ualach ar fhreagróirí agus ar na costais táirgeachta amhail dá dtagraítear in Airteagal 14(3)(c) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

➜ 2016/1954 Art. 1.4

*Airteagal 5*

**Treoirstaidéir**

1. Faoin 8 Nollaig 2018, déanfaidh an Coimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, an mhodheolaíocht iomchuí a fhorbairt chun staidreamh a thiomsú maidir le hiompar paisinéirí d'uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear trí sheirbhísí iompair trasteorann.

2. Faoin 8 Nollaig 2019, seolfaidh an Coimisiún treoirstaidéir dheonacha a dhéanfaidh na Ballstáit lena gcuirfear sonraí ar fáil faoi raon feidhme an Rialacháin seo maidir le hinfhaighteacht sonraí staidrimh a bhaineann le paisinéirí a iompar ar uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear trí sheirbhísí iompair trasteorann. Beidh sé mar aidhm ag na treoirstaidéir sin measúnú a dhéanamh ar indéantacht na mbailiúchán nua sonraí sin, ar na costais a bhaineann leis na bailiúcháin ghaolmhara sonraí agus ar an gcáilíocht intuigthe staidrimh.

3. Faoin 8 Nollaig 2020, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le torthaí treoirstaidéar den sórt sin. Ag brath ar thorthaí na tuarascála sin, agus laistigh de thréimhse réasúnach ama, déanfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an Chomhairle, más iomchuí, chun an Rialachán seo a leasú i ndáil le staidreamh maidir le hiompar paisinéirí d'uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear trí sheirbhísí iompair trasteorann.

4. Rannchuideodh buiséad ginearálta an Aontais, i gcás inarb iomchuí agus breisluach an Aontais á chur san áireamh, leis na treoirstaidéir sin a mhaoiniú.

➜ 1365/2006 (oiriúnaithe)

*Airteagal 6*

**Tarchur sonraí**

1. Déanfar tarchur na sonraí a luaithe is féidir agus cúig mhí ar a dhéanaí tar éis dheireadh na tréimhse breathnóireachta ábhartha.

↓ 2016/1954 Art. 1.5

2. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos na socruithe chun sonraí a tharchur chuig an gCoimisiún (Eurostat), lena n-áirítear caighdeáin idirmhalartaithe sonraí. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

↓ 1365/2006 (oiriúnaithe)

*Airteagal 7*

**Scaipeadh**

Déanfar an staidreamh ⌦ Eorpach ⌫ atá bunaithe ar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 4, déanfar é a scaipeadh le minicíocht a bheidh ar aon dul leis an minicíocht sin a leagtar síos maidir le tarchur sonraí ag na Ballstáit.

↓ 2016/1954 Art. 1.6

Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos na socruithe maidir le scaipeadh sonraí. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

↓ 1365/2006

*Airteagal 8*

**Cáilíocht sonraí**

↓ 2016/1954 Art. 1.7

1. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagfar síos na ceanglais agus critéir mhodheolaíocha arna ndearadh chun cáilíocht na sonraí a tháirgfear a áirithiú. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

↓ 1365/2006

2. Déanfaidh na Ballstáit gach beart is gá le cáilíocht na sonraí a tharchuirfear a áirithiú.

3. Déanfaidh an Coimisiún (Eurostat) cáilíocht na sonraí a tharchuirfear a mheasúnú. Cuirfidh na Ballstáit tuarascáil ar fáil don Choimisiún (Eurostat) ina mbeidh an fhaisnéis agus na sonraí sin a fhéadfaidh sé a iarraidh chun cáilíocht na sonraí a tharchuirfear a fhíorú.

↓ 2016/1954 Art. 1.8

4. Chun críocha an Rialacháin seo, is iad na critéir cháilíochta a bheidh le cur i bhfeidhm maidir leis na sonraí a bheidh le tíolacadh ná iad siúd dá dtagraítear in Airteagal 12(1) de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009.

5. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena leagtar síos na socruithe mionsonraithe, an struchtúr, agus na heilimintí tréimhsiúlachta agus inchomparáideachta le haghaidh na dtuarascálacha cáilíochta. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 11(2).

---

🡻 2016/1954 Art. 1.9 (oiriúnaithe)

*Airteagal 9*

**Tuarascálacha ar chur chun feidhme**

Faoin 31 Nollaig 2020 agus gach cúig bliana ina dhiaidh sin, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo agus maidir le forbairtí amach anseo.

Sa tuarascáil sin, cuirfidh an Coimisiún san áireamh faisnéis ábhartha arna soláthar ag na Ballstáit maidir le feabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh agus maidir le riachtanais na n-úsáideoirí. Go háirithe, ⌦ déanfar measúnú ⌫ sa tuarascáil:

(a) ar na sochair a fhabhróidh don Aontas, do na Ballstáit agus do sholáthróirí agus d'úsáideoirí faisnéise staidrimh, ón staidreamh a táirgeadh, le hais a gcostas;

(b) ar cháilíocht na sonraí arna dtarchur agus na modhanna bailithe sonraí arna n-úsáid.

---

🡻 2016/1954 Art. 1.10

*Airteagal 10*

**An tarmligean a fheidhmiú**

1. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

2. Tabharfar an chumhacht gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 2(5), in Airteagal 3 agus in Airteagal 4(4) don Choimisiún ar feadh tréimhse cúig bliana [tar éis an dáta a dtiocfaidh an Rialachán leasaitheach seo i bhfeidhm]. Dréachtóidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis an tarmligean cumhachta tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana. Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.

3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 2(5), in Airteagal 3, agus in Airteagal 4(4) a chúlghairm tráth ar bith. Cuirfidh cinneadh cúlghairme deireadh le tarmligean na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Beidh éifeacht leis an gcinneadh sin an lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta níos déanaí a shonrófar sa chinneadh sin. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana féin.

4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán maidir le Reachtóireacht Níos Fearr 2016.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra ina leith go comhuaineach do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle.

6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagal 2(5), Airteagal 3 nó Airteagal 4(4) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dheireadh na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.

---

🡻 2016/1954 Art. 1.11

*Airteagal 11*

**Nós imeachta coiste**

1. Tabharfaidh an Coiste um an gCóras Staidrimh Eorpach, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 223/2009, cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

---

🡻

*Airteagal 12*

**Aisghairm**

Aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1365/2006.

Déanfar tagairtí don Rialachán aisghairthe a fhorléiriú mar thagairtí don Rialachán seo agus léifear iad i gcomhréir leis an tábla comhghaoil atá in Iarscríbhinn VIII.

---

🡻 1365/2006 (oiriúnaithe)

*Airteagal 13*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an ⌦ bhfichiú ⌫ lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*